I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/734 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach, agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), bunaíodh Córas Cuntas Eorpach athbhreithnithe (CCE 2010) agus san áireamh ann tá creat tagartha na gcomhchaighdeán, na sainmhínithe, na n-aicmithe agus na rialacha cuntasaíochta maidir le cuntais na mBallstát a tharraingt suas ar mhaithe le ceanglais staidrimh an Aontais, ionas go bhféadfar torthaí inchomparáide idir Ballstáit a fháil.

(2) Déantar foráil in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an modheolaíocht chun cuntais na mBallstát a tharraingt suas.

(3) Le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, sainaithníodh mion-neamhréireachtaí téacsúla in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán sin, agus is gá na neamhréireachtaí sin a cheartú.

(4) Le hIarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ("an clár tarchuir"), foráiltear maidir le sraith táblaí de shonraí cuntas náisiúnta, lena n-airítear na meiteashonraí gaolmhara, atá le tarchur ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de theorainneacha sonraithe ama chun críocha an Aontais.

(5) Ba cheart nuashonrú a dhéanamh ar an gclár tarchuir chun riachtanais athraitheacha úsáideoirí, tosaíochtaí nua beartais agus forbairt ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua san Aontas a chur san áireamh.

([1]) IO C 218, 2.6.2022, lch. 2.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 21 Feabhra 2023.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

(6) Ba cheart na prionsabail a ndéantar cur síos orthu i Mholadh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún ([4]), a chur san áireamh sna meiteashonraí ar fhaisnéis struchtúrach a bheidh le tarchur. Níor cheart, le ceanglais tarchurtha meiteashonraí nua, costais bhreise iomarcacha ná ualach riaracháin iomarcach a fhorchur ar na Ballstáit.

(7) Sa 49ú seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, rinneadh an leagan athbhreithnithe den aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (Coicop 2018) a bhreithniú agus a fhormhuiniú mar an caighdeán a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta. Déantar tagairt i Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 don leagan a bhí ann roimhe seo (Coicop 1999) in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis, agus ba cheart dá bhrí sin na tagairtí sin a nuashonrú.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 a leasú dá réir sin.

(9) Ós rud é go mbeidh gá le hoiriúnuithe móra ar chórais staidrimh náisiúnta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún maoluithe a dheonú do na Ballstáit. Ba cheart maoluithe den sórt sin a bheith sealadach agus ba cheart iad a dheonú ar feadh uastréimhse 3 bliana. Ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar a gcórais staidrimh, ionas gur féidir deireadh a chur leis na maoluithe sin a luaithe is féidir.

(10) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 agus Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tá 11 ghníomh dlíthiúil nach bhfuil ábhartha a thuilleadh atá bunaithe ar an gCóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach a bhí ann roimhe seo, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle ([6]) (CEC 95). Cuirfear na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo in ionad na mbeart atá i Rialacháin (CE) Uimh. 359/2002 ([7]), (CE) Uimh. 1221/2002 ([8]), (CE) Uimh. 1267/2003 ([9]), (CE) Uimh. 501/2004 ([10]), (CE) Uimh. 1161/2005 ([11]), (CE) Uimh. 1392/2007 ([12]) agus(CE) Uimh. 400/2009 ([13]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1222/2004 ón gCoimisiún ([14]), Rialachán (CE) Uimh. 264/2000 ón gCoimisiún ([15]) agus Cinntí 98/715/CE ([16]) agus 2002/990/CE ([17]) ón gCoimisiún. Ba cheart, dá bhrí sin, na gníomhartha sin a aisghairm.

([4]) Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta don Chóras Staidrimh Eorpach, lena n-ionadaítear Moladh 2009/498/CE maidir le meiteashonraí tagartha don Chóras Staidrimh Eorpach (IO L 53, 21.2.2023, lch. 104).

([5]) Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) (IO L 91, 29.3.2019, lch. 19).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (IO L 310, 30.11.1996, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 359/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2002 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid CCE 95 i gcinneadh íocaíochtaí na mBallstát don acmhainn dhílis bunaithe ar CBL (IO L 58, 28.2.2002, lch. 1).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le cuntais neamhairgeadais ráithiúla le i gcomhair rialtais ghinearálta (IO L 179, 9.7.2002, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1267/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2003 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil leis an teorainn ama chun tarchur phríomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta, i ndáil leis na maoluithe a bhaineann le tarchur phríomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta agus i ndáil le tarchur sonraí fostaíochta in uaireanta an chloig oibrithe (IO L 180, 18.7.2003, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 501/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le cuntais neamhairgeadais ráithiúla i gcomhair rialtais ghinearálta (IO L 81, 19.3.2004, lch. 1)

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 maidir le tiomsú cuntas ráithiúil neamhairgeadais de réir earnála institiúidí (IO L 191, 22.7.2005, lch. 22).

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 1392/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil le tarchur sonraí cuntas náisiúnta (IO L 324, 10.12.2007, lch. 1).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 400/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach um chuntais náisiúnta agus réigiúnacha sa Chomhphobal i ndáil leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 126, 21.5.2009, p. 11).

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 1222/2004 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2004 a bhaineann le tiomsú agus tarchur sonraí ar fhiachas ráithiúil an rialtais (IO L 233, 2.7.2004, lch. 1).

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 264/2000 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2000 maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle i ndáil le staidreamh gearrthéarmach an airgeadais phoiblí (IO L 29, 4.2.2000, lch. 4).

([16]) Cinneadh 98/715/CE ón gCoimisiún an 30 Samhain 1998 lena soiléirítear Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal a mhéid a bhaineann leis na prionsabail chun praghsanna agus méideanna a thomhas (IO L 340, 16.12.1998, lch. 33).

([17]) Cinneadh 2002/990/CE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2002 lena soiléirítear tuilleadh Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na prionsabail chun praghsanna agus méideanna i gcuntais náisiúnta a thomhas (IO L 347, 20.12.2002, lch. 42).

(11) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Meán Fómhair 2024 chun go mbeidh sé i gcomhthráth leis an uainiú a comhaontaíodh le haghaidh athbhreithnithe tagarmhairc na gcuntas náisiúnta comhchuibhithe sna Ballstáit. Ní chuireann sé seo cosc ar na Ballstáit a gcuid staidrimh a thiomsú i gcomhréir leis na hIarscríbhinní leasaithe roimh an dáta ginearálta cur i bhfeidhm sin. Chun a áirithiú go mbeidh go leor ama ann chun oiriúnú do cheanglais tarchurtha nua, ba cheart feidhm a bheith ag aon oibleagáid nua maidir le meiteashonraí ar fhaisnéis struchtúrach a tharchur ón 1 Meán Fómhair 2025, cé gur féidir na meiteashonraí sin a tharchur go deonach cheana féin roimh an dáta sin.

(12) D'fhonn tionchar sóisialta agus eacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 a mhaolú agus chun athléimneacht gheilleagair agus struchtúir shóisialta na mBallstát a threisiú, tá mórthionscnaimh glactha ag an Aontas, go háirithe NextGenerationEU agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]). I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart a léiriú le staidreamh an Aontais cuntais staidrimh institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais mar is ceart. Ba cheart, dá bhrí sin, obair theicniúil a shaothrú chun na críche sin, ionas go bhforbrófar modheolaíocht stóinsithe lena bhféadfaidh an Coimisiún (Eurostat) cuntais staidrimh a thiomsú agus a scaipeadh, lena n-áirítear glaniasachtú/glaniasachtaíocht ESA 2010 agus dliteanais fiachais Maastricht. Faoin 31 Márta 2024, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin.

(13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhchaighdeáin staidrimh a chruthú lena gceadófar táirgeadh sonraí na gcuntas náisiúnta comhchuibhithe chun inchomparáideacht fhoriomlán ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus, de bharr a scála agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(14) Tá sonraí maidir le trealamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ríthábhachtach chun tacú leis an anailís agus leis an gceapadh beartais i gcomhthéacs na mbeartas tosaíochta a bhaineann leis an digitiú agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip, darb aidhm an t-iomaíochas a threisiú agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt tuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, tá sonraí maidir le talamh atá mar bhonn le foirgnimh agus le struchtúir tábhachtach chun anailís a dhéanamh ar infheistíocht agus ar shaibhreas ar leibhéal an Aontais. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) agus do na húdaráis staidrimh náisiúnta an obair mhodheolaíoch a rinneadh sa réimse seo le blianta beaga anuas a shaothrú d'fhonn infhaighteacht sonraí níos mionsonraithe a mhéadú i gcomhthéacs an athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach.

(15) Tá gá le nuashonruithe tréimhsiúla chun an idirghníomhaíocht idir an domhandú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus na cuntais náisiúnta a chur san áireamh chun na sonraí agus an t-eolas is gá a sholáthar do lucht cinnteoireachta chun an t-iomaíochas, an chobhsaíocht airgeadais, athléimneacht bhuiséadach, airgeadas poiblí fónta agus beartas cothrom cánach a áirithiú. Thairis sin, le linn an 51ú seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, iarradh cheana féin ar an Meitheal Idir-rúnaíochta um Chuntais Náisiúnta treochlár a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chóras na gCuntas Náisiúnta 2008. Tá sé beartaithe go nglacfaidh Coimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe an leagan athbhreithnithe de Chóras na gCuntas Náisiúnta in 2025.

(16) Is gá na lámhleabhair idirnáisiúnta maidir le cuntasaíocht náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe a mhéid a bhaineann le dea-bhail agus inbhuanaitheacht, ós rud é go dtarlaíonn an oiread sin den ghníomhaíocht a dhéanann difear do dhea-bhail eacnamaíoch an phobail thar theorainn an táirgthe.

(17) Leis an athbhreithniú ar Chóras na gCuntas Náisiúnta 2008 in 2025, cuirfear deis ar fáil nuashonrú a dhéanamh ar na coincheapa, sainmhínithe, aicmithe agus rialacha cuntasaíochta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a bhaineann leis an athrú aeráide, an tslándáil, an neamhionannas, an inbhuanaitheacht, agus an dea-bhail agus beidh sé sin ríthábhachtach chun tacú leis an lucht ceaptha beartas maidir le cinntí eolasacha a dhéanamh chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú, neamhionannais shóisialta agus inscne a laghdú, agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a spreagadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis is gá a sholáthar go rialta agus plé a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Chóras na gCuntas Náisiúnta 2008 sula dtabharfar i gcrích é mar atá beartaithe do 2025.

(18) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

([18]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 549/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. A mhéid is gá oiriúnuithe móra a dhéanamh ar chóras staidrimh náisiúnta chun Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a chur i bhfeidhm, deonóidh an Coimisiún maoluithe sealadacha do na Ballstáit trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar feadh uastréimhse 3 bliana. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2) den Rialachán seo.

(*) Rialachán (AE) 2023/734 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear 11 ghníomh dlí i réimse na gcuntas náisiúnta (IO L 97, 5.4.2023, lch 1.).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann iarraidh chuí-réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an 26 Iúil 2023.";

(2) Leasaítear Iarscríbhinn A i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear na gníomhartha dlíthiúla a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Airteagal 3

Athbhreithniú

Faoin 31 Márta 2024, cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuntais staidrimh institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear maidir le glaniasachtú / glaniasachtaíocht ESA 2010 agus maidir le dliteanais fiachais Maastricht atá gan íoc. Bunaithe ar an tuarascáil sin, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a thíolacadh.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Meán Fómhair 2024.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), den Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid meiteashonraí ar fhaisnéis struchtúrach a tharchur dá dtagraítear i mír 10 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, ón 1 Meán Fómhair 2025.

4. De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an oibleagáid meiteashonraí ar fhaisnéis struchtúrach a tharchur dá dtagraítear i mír 10 d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, a mhéid a bhaineann le tábla 27 den Iarscríbhinn sin, ón 1 Meán Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 15 Márta 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 mar a leanas:

(1) i mír 1.51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) an caiteachas ar chórais armán a chomhlíonann an sainmhíniú ginearálta ar shócmhainní, tá sé aicmithe mar fhoirmiú caipitil sheasta, seachas mar thomhaltas idirmheánach;";

(2) i mír 1.51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

"(h) tá soiléiriú déanta ar láimhseáil sárdhíbhinní arna n-íoc ag corparáidí poiblí, i.e. ní foláir iad a mheas mar íocaíochtaí eisceachtúla agus iad a láimhseáil mar aistarraingtí ó chothromas;";

(3) i mír 1.118, cuirtear an méid seo a leanas in ionad lipéad na léaráide:

"Léaráid 1.1 - Léaráid de sheicheamh na gcuntas";

(4) i mír 3.98, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

"Áirítear dhá chatagóir, cosúil le catagóirí arna dtaifeadadh le haghaidh INBFTanna, i gcaiteachas ar thomhaltas críochnaitheach (P.3) de chuid an rialtais ghinearálta:";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3.105:

"3.105 De rogha air sin, freagraíonn caiteachas an rialtais ghinearálta ar thomhaltas aonair do rannán 15 den aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (Coicop), lena n-áirítear na grúpaí seo a leanas:

15.1 Tithíocht (ionann le grúpa COFOG 10.6)

15.2 Sláinte (ionann le grúpaí COFOG 7.1 go 7.4)

15.3 Caitheamh aimsire agus cultúr (ionann le grúpaí COFOG 8.1 agus 8.2)

15.4 Oideachas (ionann le grúpaí COFOG 9.1 go 9.6)

15.5 Cosaint shóisialta ionann le grúpaí COFOG 10.1 go 10.5 agus grúpa 10.7).";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3.124:

"3.124 *Sainmhíniú*: is éard atá in ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51g) éadálacha táirgeoirí cónaitheacha, lúide diúscairtí sócmhainní seasta le linn tréimhse áirithe móide breiseanna áirithe ar luach sócmhainní neamhtháirgthe arna réadú trí ghníomhaíocht táirgthe táirgeora nó trí ghníomhaíocht táirgthe aonad institiúideach. Is éard atá i sócmhainní seasta sócmhainní arna n-úsáid i dtáirgeadh ar feadh níos mó ná bliain amháin.";

(7) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c:

"(c) bogearraí ríomhaireachta agus bunachair sonraí le húsáid i dtáirgeadh ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin;";

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3.138:

"3.138 Is féidir baint a bheith ag na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta le sócmhainní táirgthe, lena n-áirítear sócmhainní seasta, agus le sócmhainní neamhtháirgthe, amhail talamh.

Áirítear na costais sin i bpraghsanna na gceannaitheoirí i gcás sócmhainní táirgthe. Déantar iad a dheighilt ó na ceannacháin agus na díolacháin féin i gcás talún agus i gcás sócmhainní neamhtháirgthe eile agus iad a thaifeadadh faoi cheannteideal ar leithligh (P.512) in aicmiú ollfhoirmiú caipitil sheasta.";

(9) i mír 3.181, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

"Déantar aistriú earraí atá ann cheana a thaifeadadh mar chaiteachas diúltach (diúscairt) maidir leis an díoltóir agus mar chaiteachas deimhneach (éadáil dheimhneach) maidir leis an gceannaitheoir.";

(10) i mír 4.40, scriostar an tríú habairt;

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4.50:

"4.50 Déantar ús a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe, is é sin le rá, déantar ús a thaifeadadh mar a fhabhraíonn sé ar bhonn leanúnach ar an gcreidiúnaí ar shuim na príomhshuime gan íoc. Ní mór an t-ús a fhabhraíonn i rith gach tréimhse cuntasaíochta a thaifeadadh, cibé a íoctar é go hiarbhír nó a shuimítear é leis an bpríomhshuim gan íoc. Nuair nach n-íoctar é, taifeadtar an méadú ar an bpríomhshuim sa chuntas airgeadais mar shócmhainn airgeadais atá faighte ag an gcreidiúnaí agus mar dhliteanais den mhéid céanna atá faighte ag an bhféichiúnaí.";

(12) i mír 4.82, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs "Is féidir cánacha ioncaim a asbhaintear ag an bhfoinse, amhail cánacha ÍMAT agus cáin ioncaim a réamhíoctar go rialta, a thaifeadadh sna tréimhsí ina n-íoctar iad agus is féidir aon dliteanas críochnaitheach cánach ar ioncam a thaifeadadh sa tréimhse ina gcinntear an dliteanas. Tá gá, dá bhrí sin, le roinnt solúbthachta a bheith ann a bhaineann leis an pointe ábhartha ama a thaifeadtar cánacha den sórt sin. Is féidir cánacha ioncaim a asbhaintear ag an bhfoinse, amhail cánacha ÍMAT agus cáin ioncaim a réamhíoctar go rialta, a thaifeadadh sna tréimhsí ina n-íoctar iad agus is féidir aon dliteanas críochnaitheach cánach ar ioncam a thaifeadadh sa tréimhse ina gcinntear an dliteanas.":

"I gcásanna áirithe, ní féidir an dliteanais chun cáin ioncaim a íoc a chinneadh ach i rith tréimhse chuntasaíochta i ndiaidh na tréimhse ina bhfabhraíonn an t-ioncam. Dá bhrí sin, tá gá le roinnt solúbthachta a bheith ann a bhaineann leis an bpointe ábhartha ama a thaifeadtar cánacha den sórt sin. Is féidir cánacha ioncaim a thoibhítear ag an bhfoinse, amhail cánacha íoc-mar a thuillir (ÍMAT) agus cáin ioncaim a réamhíoctar go rialta, a thaifeadadh sna tréimhsí ina n-íoctar iad agus is féidir aon dliteanas críochnaitheach cánach ar ioncam a thaifeadadh sa tréimhse ina gcinntear an dliteanas.";

(13) i mír 4.93, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a:

"(a) ranníocaíochtaí sóisialta arna n-íoc ag daoine nach bhfuil oibleagáid de réir dlí orthu ranníoc le ciste slándála sóisialta;";

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5.235:

"5.235 Áirítear FISIM atá fabhraithe ach nach bhfuil íoctha fós leis an ionstraim airgeadais chomhfhreagrach agus áirítear réamhíocaíocht préimheanna árachais sna cúlchistí teicniúla árachais (F.61); ní dhéantar iontráil i gcreidmheasanna trádála agus airleacain i gceachtar den dá chás sin.";

(15) ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7.88:

"7.88 Féadfaidh margadhluach réamhchonarthaí a athrú ó shuíomh deimhneach (sócmhainn) go suíomh diúltach (dliteanas) ag brath ar athruithe ar an bpraghas sna hítimí bunúsacha agus, dá réir sin, féadfaidh siad malartú idir a bheith ina sócmhainní agus ina ndliteanais do na geallaithe agus do na sealbhóirí. Feidhmíonn roinnt réamhchonarthaí ar bhonn íocaíochtaí éarlaise agus sna cásanna sin déantar brabúis nó caillteanais a shocrú gach lá; sna cásanna sin beidh luach an chláir chomhardaithe cothrom le neamhní.";

(17) i mír 8.09, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tábla 8.1:

"Tábla 8.1

Cur i láthair sionoptach na gcuntas, na n-ítimí comhardaithe agus na bpríomh-chomhiomlán

Cuntais									Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomláin
Seicheamh iomlán na gcuntas le haghaidh earnálacha institiúideacha											
Cuntais reatha	I.	Cuntas táirgeachta	I.	Cuntas táirgeachta					B.1g	Breisluach, comhlán	Olltáirgeacht Intíre (OTI)
	II.	Cuntais dáilte agus úsáide ioncaim	II.1	Cuntas dáilte phríomha ioncaim	II.1.1	Cuntas giniúna ioncaim			B.2g B.3g	Barrachas oibriúcháin, comhlán Ioncam measctha, comhlán	
					II.1.2	Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha	II.1.2.1	Cuntas ioncaim fiontraíochta	B.4g	Ioncam fiontraíoch, comhlán	
							II.1.2.2	Cuntas leithdháilte ioncaim phríomha eile	B.5g	Comhardú ioncam príomha, comhlán	Ollioncam Náisiúnta (OIN)
			II.2	Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim					B.6g	Ioncam fiontraíoch, comhlán	Ollioncam indiúscartha náisiúnta
			II.3	Cuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil					B.7g	Ioncam indiúscartha coigeartaithe, comhlán	
			II.4	Cuntas úsáide ioncaim	II.4.1	Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha			B.8g	Coigilteas, comhlán	Ollchoigilt náisiúnta
					II.4.2	Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe					
Cuntais charntha	III.	Cuntais charntha	III.1	Cuntas caipitil	III.1.1	Cuntas athraithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil			B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar choigilt agus aistrithe caipitil	

Cuntais									Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomláin
					III.1.2	Cuntas sócmhainní neamhairgeadais a fháil			B.9	Glaniasachtú/ glaniasachtaíocht	
			III.2	Cuntas airgeadais					B.9F	Glaniasachtú/ glaniasachtaíocht	
			III.3	Cuntas athraithe eile ar shócmhainní	III.3.1	Cuntas athraithe eile ar mhéid na sócmhainní			B.102	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní	
					III.3.2	Cuntais athluachála			B.103	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain/ caillteanais ainmniúla sealúchais	
							III.3.2.1	Cuntas gnóthachan/ caillteanas neodrach sealúchais	B.1031	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain/ caillteanais neodracha sealúchais	
							III.3.2.2	Cuntas gnóthachan/ caillteanas réadach sealúchais	B.1032	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain/ caillteanais réadacha sealúchais	
Cláir chomhar-daithe	IV.	Cláir chomhardaithe	IV.1	Clár comhardaithe tosaigh					B.90	Glanfhiúchas	Luach náisiúnta
			IV.2	Athruithe ar an gclár comhardaithe					B.10	Athruithe ar ghlanfhiúchas, iomlán	Athruithe ar luach náisiúnta
			IV.3	Clár comhardaithe deiridh					B.90	Glanfhiúchas	Luach náisiúnta
Cuntais idirbheart											
	0.	Cuntas earraí agus seirbhísí									

Cuntais									Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomláin
Cuntas na coda eile den domhan (cuntas idirbheart seachtrach)											
Cuntas reatha	V.	Cuntas na coda eile den domhan	V.I	Cuntas seachtrach earraí agus seirbhísí					B.11	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí
			V.II	Cuntas seachtrach ioncam príomha agus aistrithe reatha					B.12	Comhardú seachtrach reatha	Comhardú seachtrach reatha
Cuntais charntha			V.III	Cuntais charntha sheachtracha	V.III.1	Cuntas caipitil	V.III.1.1	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus ar an gcuntas aistrithe caipitil	B.101	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar chomhardú seachtrach reatha agus aistrithe caipitil	
							V.III.1.2	Cuntas sócmhainní neamhairgeadais a fháil	B.9	Glaniasachtú/ glaniasachtaíocht	
					V.III.2	Cuntas airgeadais			B.9F	Glaniasachtú/ glaniasachtaíocht	Glaniasachtú/ glaniasachtaíocht
					V.III.3	Cuntas athraithe eile ar shócmhainní	V.III.3.1	Cuntas athraithe eile ar mhéid na sócmhainní	B.102	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar athruithe eile ar mhéid na sócmhainní	
							V.III.3.2	Cuntais athluachála	B.103	Athruithe ar ghlanfhiúchas i ngeall ar ghnóthachain/ caillteanais ainmniúla sealúchais	

Cuntais									Ítimí comhardaithe		Príomh-chomhiomláin
Cláir chomhar-daithe			V.IV	Cuntas seachtrach sócmhainní agus dliteanas	V.IV.1	Clár comhardaithe tosaigh			B.90	Glanfhiúchas	Glansuíomh seachtrach airgeadais
					V.IV.2	Athruithe ar an gclár comhardaithe			B.10	Athruithe ar ghlanfhiúchas	
					V.IV.3	Clár comhardaithe deiridh			B.90	Glanfhiúchas	Glansuíomh seachtrach airgeadais”

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9.61:

"9.61 Níl difríocht shuntasach, áfach, idir airíonna anailíseacha na dtáblaí táirge ar tháirge agus na dtáblaí tionscail ar thionscal. Is éard is cúis leis na difríochtaí idir táblaí táirge ar tháirge agus táblaí tionscail ar thionscal ná táirgeadh tánaisteach atá teoranta go ginearálta a bheith ann. Sa chleachtas, má bhaintear úsáid anailíseach as táblaí ionchuir-aschuir bíonn sé intuigthe go n-úsáidtear toimhde a bhaineann le teicneolaíocht de réir tionscail, is cuma cén chaoi ar tiomsaíodh na táblaí ar dtús. Thairis sin, sa chleachtas, is tábla tionscail ar thionscal a rinneadh a ionramháil atá in aon tábla táirge ar tháirge, ós rud é gurb ann go fóill do shaintréithe ar fad na dtáblaí soláthair agus úsáide a bhaineann le APGanna agus le gnóthais.";

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10.27:

"10.27 I gcomhair idirbheart seirbhísí, is minic a bhíonn sé níos deacra na saintréithe a chinneann na haonaid fhisiceacha a shonrú agus d'fhéadfadh tuairimí malartacha teacht chun cinn maidir leis na critéir atá le húsáid. Féadfaidh sé go mbainfeadh an deacracht sin le tionscail thábhachtacha amhail seirbhísí idirghabhála airgeadais, trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, seirbhísí do ghnóthais, oideachas, taighde agus forbairt, sláinte nó caitheamh aimsire. Tá an rogha maidir le haonaid fhisiceacha do ghníomhaíochtaí den sórt sin tugtha sa *Handbook on prices and volume measures in national accounts* [Lámhleabhar ar aonaid tomhais praghsanna agus méideanna sna cuntais náisiúnta] (*).

_____

(*) Eurostat, Handbook on prices and volume measures in national accounts, 2016.";

(20) i mír 10.56, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fonóta:

"Eurostat-OECD, *Eurostat-OECD Methodological manual on purchasing power parities, 2012* [Lámhleabhar modheolaíochta Eurostat –ECFE maidir le paireachtaí cumhachta ceannaigh, 2012].";

(21) i mír 14.06, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara habairte:,

"Dírítear ríomhanna FISIM ar fho-earnálacha S.122 agus S.125; de réir an ghnáis, ní ríomhtar FISIM i gcás an bhainc ceannais (féach mír 14.16).";

(22) i mír 15.27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs "Ní thugtar aitheantas don tsócmhainn sin (catagóir AN.222) ach amháin má tá a luach, is é sin na sochair don sealbhóir sa bhreis ar an luach arna fhabhrú chuig na heisitheoirí, inréadaithe tríd an tsócmhainn a aistriú":

"Ní thugtar aitheantas don tsócmhainn sin (catagóir AN.222) ach amháin má tá a luach, is é sin na sochair don sealbhóir de bhreis ar an luach arna fhabhrú chuig an eisitheoir, inréadaithe tríd an tsócmhainn a aistriú."

(23) i mír 15.31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Tábla 15.4:

"Tábla 15.4

Úsáid agus ceannach sócmhainní neamhairgeadais a thaifeadadh, de réir an chineáil idirbhirt agus sreafa

Cineál idirbhirt/sreabhadh eacnamaíoch eile	Cineál úsáide/ceannaigh agus cineál sócmhainne agus cineál íocaíochta
Tomhaltas idirmheánach	Léas oibriúcháin ar shócmhainní táirgthe, e.g. meaisíní agus cearta maoine intleachtúla Íocaíochtaí rialta ó chorparáidí ar sholáthar uisce Seirbhísí FISIM a bhaineann le léas airgeadais a sholáthar
Ídiú an chaipitil sheasta	I gcás sócmhainní táirgthe amháin, agus i gcás an úinéara eacnamaíoch amháin
Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach	Léas oibriúcháin maidir le hearraí marthanacha tomhaltais Ceannach earraí marthanacha tomhaltais, lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú ag léas airgeadais, nó trí chomhaontú fruilcheannaigh

Cineál idirbhirt/sreabhadh eacnamaíoch eile	Cineál úsáide/ceannaigh agus cineál sócmhainne agus cineál íocaíochta
Ceannach sócmhainní neamhairgeadais	
Ollfhoirmiú caipitil	Ceannach sócmhainní táirgthe, lena n-áirítear ceannacháin arna maoiniú ag léas airgeadais
Acmhainní nádúrtha a fháil	Ceannach acmhainne nádúrtha lena n-áirítear ceart úsáide go dtí go mbeidh sé ídithe Ceannach cirt chun acmhainn nádúrtha a úsáid ar feadh tréimhse ama sínithe e.g. cuóta iascaireachta
Sócmhainní neamhtháirgthe eile a fháil	Socruithe comhroinnte ama inaistrithe Ceannach conartha atá inaistrithe le tríú páirtí Conarthaí le haghaidh táirgeadh todhchaí, mar shampla conarthaí le peileadóirí agus le scríbhneoirí
Íocaíocht mar ioncam ó mhaoin: cíos	Léas acmhainne, i.e. íocaíocht ar úsáid ghearrthéarmach acmhainní nádúrtha Íocaíochtaí tráthrialta i leith an chirt chun uisce a tharraingt Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna mhaoiniú ag iasacht ag an am céanna
Aistriú ioncaim	Ceadanna arna n-eisiúint ag an rialtas chun gníomhaíocht shonrach a dhéanamh nach bhfuil ag brath ar chritéir cháilitheacha, nó a bhfuil muirear díréireach uirthi i gcomparáid leis na costais a bhaineann leis an scéim ceadanna a riar Ceadanna astaíochta arna n-eisiúint ag an rialtas chun astaíochtaí iomlána a rialú
Cánacha eile ar tháirgeadh	
Idirbheart airgeadais: iasacht	Léas airgeadais, i.e. ceannach sócmhainne neamhairgeadais arna mhaoiniú ag iasacht ag an am céanna
Athrú eile ar mhéid na sócmhainní	Ídiú acmhainní nádúrtha ag an úinéir Lománaíocht neamhdhleathach, iascaireacht nó fiach (urghabháil neamhchúitithe ar shócmhainní saothraithe nó ar acmhainní nádúrtha)
Athrú ar mhéid na sócmhainní	Dul in éag do chonarthaí, do cheadúnais agus do cheadanna arna dtaifeadadh mar shócmhainní”;

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15.32:

“15.32 Nuair a chuireann rialtais teorainn le líon na ngluaisteán atá i dteideal feidhmiú mar thacsaithe nó nuair a chuireann siad teorainn le líon na gcasaíní trí cheadanna a eisiúint, mar shampla, is éard atá ar siúl acu brabúis mhonaplachta a chruthú do na hoibreoirí formheasta agus roinnt de na brabúis sin a aisghabháil i bhfoirm táille. Taifeadtar na táillí sin mar chánacha eile ar tháirgeadh. Baineann an prionsabal sin le gach cás ina n-eisíonn rialtas ceadanna chun teorainn a chur le líon na n-aonad atá ag oibriú i réimse áirithe, réimse ina socraítear an teorainn go treallach agus i gcás nach bhfuil an teorainn spleách ar chritéir cháilitheacha amháin.”;

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15.35:

“15.35 Is i gcuntas athruithe eile ar mhéid na sócmhainní a thaispeántar den chéad uair an cead chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh i bhfoirm sócmhainne. Is i gcuntas athluachála an fhaighteora a thaifeadtar aon athrú ar an luach, bíodh sé ina mhéadú nó ina laghdú.”;

(26) i mír 16.67, cuirtear an méid seo a leanas in ionad tábla 16.1:

"Tábla 16.1

Árachas neamhshaoil

Úsáidí										Acmhainní									
			S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1			
	Iontrálacha comhfhreagracha																Iontrálacha comhfhreagracha		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	Cuntas na coda eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	Rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais		**Idirbhearta agus ítimí comhardaithe**	Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	Rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
										Cuntas seachtrach									
0		0							P.62	Onnmhairí seirbhísí								0	0
0	0								P.72	Allmhairí seirbhísí							0		0
										Cuntas táirgeachta									
6	6								P.1	Aschur		6				6			6
4		0	4	0	3	0	0	1	P.2	Tomhaltas idirmheánach								4	4
										Cuntas dáilte ioncaim phríomhá									
6			6				6		D.441	Ioncam ó mhaoin atá inchurtha i leith sealbhóirí polasaithe árachais	5	0	0	1	0	6	0		6
										Cuntas dáilte thánaistigh ioncaim									
44		1	43	0	31	4	0	8	D.711	Glanphréimheanna árachais neamhshaoil		44				44			44
45		0	45				45		D.721	Éilimh árachais neamhshaoil	6	0	1	35	0	42	3		45

Úsáidí										Acmhainní									
			S.1	S.15	S.14	S.13	S.12	S.11			S.11	S.12	S.13	S.14	S.15	S.1			
	Iontrálacha comhfhreagracha																Iontrálacha comhfhreagracha		
Iomlán	Cuntas earraí agus seirbhísí	Cuntas na coda eile den domhan	Geilleagar iomlán	INBFTanna	Teaghlaigh	Rialtas ginearálta	Corparáidí airgeadais	Corparáidí neamhairgeadais		**Idirbhearta agus ítimí comhardaithe**	Corparáidí neamhairgeadais	Corparáidí airgeadais	Rialtas ginearálta	Teaghlaigh	INBFTanna	Geilleagar iomlán	An chuid eile den domhan	Cuntas earraí agus seirbhísí	Iomlán
										Cuntas úsáide ioncaim indiúscartha									
2			2		2				P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach								2	2
										Clár comhardaithe airgeadais (tosaigh)									
74		0	74		40	0	9	25	AF.61	Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil		74				74			74
										Clár comhardaithe airgeadais (deiridh)									
81		0	81	0	44	0	11	25	AF.61	Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil		81				81			81
										Idirbheart airgeadais									
7		0	7	0	4	0	2	1	F.61	Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil		7				7			7
										Cuntas athluachála									
0		0	0	0	0	0	0	0	AF.61	Cúlchistí teicniúla árachais neamhshaoil		0				0			0”;

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 17.148:

"17.148 Má ghabhann an rialtas an fhreagracht as pinsin a sholáthar d'fhostaithe aonaid neamhrialtais trí idirbheart sainráite, is gá aon íocaíocht a dhéanfaidh an t-aonad neamhrialtais a thaifeadadh mar ranníocaíochtaí sóisialta réamhíoctha (F.89). Déantar cur síos breise ar an saghas sin socraithe i mír 20.273 go mír 20.275.";

(28) ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge.;

(29) i mír 18.26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhonóta:

"Na Náisiúin Aontaithe, Staidreamh ar Thrádáil Idirnáisiúnta: Coincheapa agus sainmhínithe, 2010.";

(30) i míreanna 20.57, 20.63 agus 20.65, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na focail "(gan slándáil shóisialta a áireamh)": "(gan cistí slándála sóisialta a áireamh)";

(31) i mír 20.76, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

"ioncam iomlán	=	cánacha iomlána	D.2 + D.5 + D.91
	+	ranníocaíochtaí sóisialta, glan	D.61
	+	díolacháin iomlána earraí agus seirbhísí	P.11 + P.12 + P.131
	+	ioncam reatha eile	D.39 + D.4 + D.7
	+	ioncam caipitil eile	D.92 + D.99"

(32) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 20.77:

"20.77 Is éard atá i gcánacha iomlána cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (D.2), cánacha reatha ar ioncam agus rachmas etc. (D.5) agus cánacha caipitil (D.91). Is éard atá i nglanranníocaíochtaí sóisialta ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír (ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí (D.611) agus ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach (D.613)), ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha fostóirí (D.612) agus forlíontaí ranníocaíochta sóisialta teaghlach (D.614) lúide muirir seirbhíse scéime árachais shóisialta (D.61SC).";

(33) i mír 20.84, cuirtear an méid seo a leanas in ionad bhosca 20.1:

"Bosca 20.1 — Ó chreat lárnach CEC go hidirbhearta agus comhiomláin SAR

Acmhainní CCE		Ioncam SAR CCE
P.1	Aschur, ar de sin	
	Aschur margaidh (P.11)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse (P.12)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	Aschur neamh-mhargaidh (P.13), ar de sin:	
	— Íocaíochtaí i leith aschur neamh-mhargaidh (P.131)	Díolacháin earraí agus seirbhísí
	— Aschur neamh-mhargaidh, eile (P.132)	Nithe nach bhfuil curtha san áireamh i gcaiteachas iomlán

Acmhainní CCE		Ioncam SAR CCE
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (infhála)	Cánacha iomlána
D.3	Fóirdheontais (infhála)	Ioncam reatha eile
D.4	Ioncam maoine	Ioncam reatha eile
D.5	Cánacha reatha ar ioncam agus ar rachmas	Cánacha iomlána
D.61	Ranníocaíochtaí sóisialta, glan	Ranníocaíochtaí sóisialta, glan
D.7	Aistrithe reatha eile	Ioncam reatha eile
D.91r	Cánacha caipitil (infhála)	Cánacha iomlána
D.92r	Deontais infheistíochta (infhála)	Ioncam caipitil eile
D.99r	Aistrithe caipitil eile (infhála)	Ioncam caipitil eile

Úsáidí CCE agus idirbhearta caipitil		Caiteachas SAR CCE
P.2	Tomhaltas idirmheánach	Tomhaltas idirmheánach
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe	Cúiteamh d'fhostaithe
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí (iníoctha)	Caiteachas reatha eile
D.3	Fóirdheontais (iníoctha)	Fóirdheontais
D.41	Leas	Leas
D.4	Ioncam ó mhaoin (gan D.41 san áireamh)	Caiteachas reatha eile
D.5	Cánacha reatha ar ioncam	Caiteachas reatha eile
D.62	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil
D.632	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh
D.7	Aistrithe reatha eile	Caiteachas reatha eile
D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin	Caiteachas reatha eile
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair ar aschur margaidh	Aistrithe sóisialta comhchineáil trí tháirgeoirí margaidh
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair ar aschur neamh-mhargaidh	Nithe nach bhfuil curtha san áireamh i gcaiteachas iomlán
P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann	Nithe nach bhfuil curtha san áireamh i gcaiteachas iomlán
P.5	Ollfhoirmiú caipitil	Caiteachas caipitiúil
NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe	Caiteachas caipitiúil
D.92p	Deontas infheistíochta (iníoctha)	Caiteachas caipitiúil
D.99p	Aistrithe caipitil eile (iníoctha)	Caiteachas caipitiúil

I gcreat lárnach CCE, is glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9) ítim chomhardaithe an chuntais chaipitil. Is ionann ítim chomhardaithe an rialtais ghinearálta i dtíolacadh SAR CCE, agus glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9). Mínítear an chúis atá leis sin sa bhosca thíos.

Creat lárnach CCE

Is é an chéad chuntas an cuntas táirgeachta, agus mar sin is é an chéad acmhainn atá ag earnáil institiúideach i CCE ná a haschur. Ós rud é nach ndíoltar formhór na seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar phraghsanna atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de agus gur seirbhísí neamh-mhargaidh iad dá bharr sin, déantar aschur an rialtais a thomhas, de réir an ghnáis, mar shuim na gcostas táirgthe.

Ar an gcaoi chéanna, déantar caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach comhchoiteann, arb é atá ann seirbhísí arna soláthar ag an rialtas don phobal amhail seirbhísí ginearálta, cosaint, sábháilteacht agus ord poiblí, a thomhas mar shuim na gcostas táirgthe. Is ionann caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann (P.32) agus tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4) an rialtais de réir gnáis freisin.

Maidir le caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach aonair na dteaghlach arna soláthar go díreach ag an rialtas ar bhonn neamh-mhargaidh, tomhastar é de réir a chostas táirgthe.

Dá thoradh sin, is féidir dhá chineál sreafaí a áireamh mar “shreabha barúlacha” i gcuntais an rialtais i CCE:

(1) ar thaobh na n-acmhainní, an t-aschur neamh-mhargaidh, eile (P.132), a dhéantar a thaifeadadh sa chuntas táirgeachta;

(2) ar thaobh na n-úsáidí, an tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4) agus na haistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh neamh-mhargaidh (D.631). Déantar iad sin a thaifeadadh sa chuntas athdháilte ioncaim chomhchineáil, agus sa chuntas úsáide ioncaim indiúscartha choigeartaithe.

Is ionann gach sreabh barúlach agus suim na sreabh iarbhír: na costais táirgthe. Tá an dá chineál sreabh barúlacha seo, ceann ar thaobh na sócmhainní agus ceann ar thaobh na n-úsáidí, ar comhardú i seicheamh na gcuntas i CCE.

Tíolacadh staidrimh SAR CCE

Déantar na catagóirí bunúsacha céanna a úsáid sa tíolacadh SAR CCE, ach ar bhonn sreabha airgeadaíochta iarbhír den chuid is mó, chun ioncam iomlán agus caiteachas iomlán an rialtais a fháil. Ní chuirtear ach rogha sreabh barúlach san áireamh: ranníocaíochtaí sóisialta barúlacha agus aistrithe caipitil comhchineáil.

Nuair a dhéantar an t-aschur neamh-mhargaidh (P.132) a dhíchur ó thaobh na n-acmhainní chun ioncam iomlán a fháil, agus tomhaltas críochnaitheach iarbhír (P.4 = P.32) agus na haistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh neamh-mhargaidh (D.631) a dhíchur ó thaobh na n-úsáidí chun caiteachas iomlán a fháil, faightear an ítim chomhardaithe chéanna: glaniasachtú/glaniasachtaíocht (B.9).

Ní thugtar cuntas ar aon aistrithe sóisialta comhchineáil i gcomhiomlán SAR caiteachas iomlán an rialtais ach na haistrithe sóisialta comhchineáil a sholáthraítear do theaghlaigh trí tháirgeoirí margaidh (D.632), agus iad sin amháin, toisc go bhfuil siad faoi réir íocaíochtaí réadacha na n-aonad rialtais. Suimítear na hidirbhearta sin le suim na gcostas táirgthe (cothrom le haschur neamh-mhargaidh, eile — P.132) chun caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach an rialtais ghinearálta a fháil.

P.3 = P.132 + D.632“

(34) ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge.;

(35) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 20.130:

"20.130 Déantar athcheannach dliteanais ag aonad a thaifeadadh mar fhuascailt dliteanas seachas mar éadálacha sócmhainní. Mar an gcéanna, ag leibhéal fo-earnála nó leibhéal earnála, déantar dliteanas arna eisiúint ag aonad eile de chuid na fo-earnála lena mbaineann, agus a cheannaíonn aonad rialtais, a thíolacadh sa tíolacadh comhdhlúite mar fhuascailt dliteanais ag an bhfo-earnáil nó earnáil sin.";

(36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 20.158:

"20.158 Níl cánacha ná fóirdheontais a íocann aonad nó eintiteas amháin rialtais leis an gceann eile le comhdhlúthú. Ní féidir cánacha ná fóirdheontais ar tháirgí a chomhdhlúthú sa chóras toisc nach ann d'oibreoir eacnamaíoch contrapháirte in CECES i gcás idirbheart den sórt sin; ní shainaithnítear na suimeanna ábhartha ar leithligh mar chaiteachas agus ioncam (faoi seach) agus ina ionad sin, áirítear nó ní áirítear iad i luach an tomhaltais idirmheánaigh nó i luach na ndíolachán.";

(37) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 21.22:

"21.22 Ní thugann luacháil sócmhainní ar luach cóir léiriú níos fearr amháin ar an gclár comhardaithe ná mar a thugann luachálacha ag costas stairiúil, ach gineann siad níos mó sonraí faoi ghnóthachain/caillteanais sealúchais.";

(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 22.13:

"22.13 Is iad seo a leanas na 15 phríomhchatagóir a ndéantar idirdhealú orthu in Coicop:

(a) bia agus deochanna neamh-mheisciúla;

(b) deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh;

(c) éadaí agus coisbheart;

(d) tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile;

(e) fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí;

(f) sláinte;

(g) iompar;

(h) faisnéis agus cumarsáid;

(i) áineas, spórt agus cultúr;

(j) seirbhísí oideachais;

(k) bialanna agus seirbhísí cóiríochta;

(l) seirbhísí árachais agus seirbhísí airgeadais;

(m) cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha;

(n) caiteachas ar thomhaltas aonair na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFTanna); agus

(o) caiteachas ar thomhaltas aonair an rialtais ghinearálta.

Sa chéad 13 chatagóir, suimítear an caiteachas iomlán ar thomhaltas aonair na dteaghlach. Sainaithnítear sa dá chatagóir dheireanacha caiteachas ar thomhaltas aonair earnálacha INBFTanna agus an rialtais ghinearálta, i.e. a n-aistrithe sóisialta comhchineáil. Is ionann na 15 ítim le chéile agus tomhaltas críochnaitheach iarbhír na dteaghlach.";

(39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 22.14:

"22.14 Déantar miondealú ar chaiteachas ar tomhaltas aonair na INBFTanna agus an rialtais ghinearálta ina gcúig fhochatagóir choiteanna a léiríonn mór-shaincheisteanna beartais: tithíocht, sláinte, áineas agus cultúr, oideachas agus cosaint shóisialta. Is feidhmeanna Coicop iad sin do chaiteachas ar thomhaltas aonair na dteaghlach freisin; is fochatagóir í an chosaint shóisialta de chatagóir 13 'chúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha'. Dá bhrí sin, taispeánann Coicop ról na dteaghlach príobháideach, an rialtais agus INBFTanna i gcás gach ceann de na cúig fhochatagóir choiteanna sin. Mar shampla, féadfaidh sé tuairisc a thabhairt ar ról an rialtais i dtaobh tithíocht, sláinte agus oideachas a sholáthar.";

(40) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 22.16:

"22.16 Is uirlis ollmhór atá in aicmiú ar chaiteachas rialtais de réir cineáil (COFOG) chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar airgeadas rialtais. Is iad seo a leanas na 10 mór-rannán a ndéantar idirdhealú orthu:

(a) seirbhísí ginearálta poiblí;

(b) cosaint;

(c) ord poiblí agus sábháilteacht;

(d) gnóthaí eacnamaíocha;

(e) cosaint an chomhshaoil;

(f) tithíocht agus taitneamhachtaí pobail;

(g) sláinte;

(h) caitheamh aimsire, cultúr agus reiligiún;

(i) oideachas; agus

(j) cosaint shóisialta.

Úsáidtear an t-aicmiú chun aicmiú a dhéanamh ar chaiteachas ar thomhaltas comhchoiteann agus aonair an rialtais. Mar sin féin, léiríonn sé an ról atá ag cineálacha eile caiteachais freisin, amhail fóirdheontais, deontais infheistíochta agus sochair shóisialta, chun críoch beartais.";

(41) leasaítear Caibidil 23 mar a leanas:

(a) ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge.;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla faoin gceannteideal "Idirbhearta táirgí (P)":

"P.1	Aschur
P.11	Aschur margaidh
P.119	Seirbhís idirghabhála airgeadais arna tomhas go hindíreach (FISIM)
P.12	Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse
P.13	Aschur neamh-mhargaidh
P.131	Íocaíochtaí i leith aschur neamh-mhargaidh
P.132	Aschur neamh-mhargaidh, eile
P.2	Tomhaltas idirmheánach
P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair

P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann
P.4	Tomhaltas críochnaitheach iarbhír
P.41	Tomhaltas aonair iarbhír
P.42	Tomhaltas comhchoiteann iarbhír
P.5	Ollfhoirmiú caipitil/P.5n glanfhoirmiú caipitil
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta
P.511	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní seasta
P.5111	Éadálacha sócmhainní seasta nua
P.5112	Éadálacha sócmhainní seasta atá ann cheana
P.5113	Diúscairtí sócmhainní seasta atá ann cheana
P.512	Na costais a ghabhann le haistriú úinéireachta sócmhainní neamhtháirgthe
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta (–)
P.51c1	Ídiú an chaipitil sheasta ar ollbharrachas oibriúcháin (–)
P.51c2	Ídiú an chaipitil sheasta ar ollioncam measctha (–)
P.51n	Glanfhoirmiú caipitil sheasta
P.52	Athruithe i bhfardail
P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara
P.6	Onnmhairithe earraí agus seirbhísí
P.61	Onnmhairiú earraí
P.62	Onnmhairiú seirbhísí
P.7	Allmhairithe earraí agus seirbhísí
P.71	Allmhairiú earraí
P.72	Allmhairiú seirbhísí”

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs agus an tábla a cuireadh isteach faoin gceannteideal “Earraí marthanacha tomhaltais”:

“Déantar earraí marthanacha tomhaltais a chódú trí X a úsáid mar réimír móide DHHCE (caiteachas tomhaltais na dteaghlach ar earraí marthanacha) móide táthmhír de dhigit amháin do na foghrúpaí agus dhá dhigit do na hítimí.

Cóid CCN	
XDHHCE1	Troscán agus fearais tí
XDHHCE11	Troscán agus fearastuithe tí
XDHHCE12	Cairpéid agus clúdaigh urláir eile
XDHHCE13	Mórfhearais tí idir leictreach agus eile
XDHHCE14	Móruirlisí agus trealamh tí agus gairdín
XDHHCE2	Trealamh iompair pearsanta
XDHHCE21	Gluaisteáin
XDHHCE22	Gluaisrothair
XDHHCE23	Rothair
XDHHCE24	Feithiclí ainmhí-tharraingthe

Cóid CCN	
XDHHCE3	Earraí áineasa agus siamsaíochta
XDHHCE31	Trealamh teileafóin agus facs
XDHHCE32	Trealamh glactha, taifeadta agus atáirgthe fuaime agus pictiúr
XDHHCE33	Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla
XDHHCE34	Trealamh próiseála faisnéise
XDHHCE35	Mórearraí marthanacha áineasa faoin aer
XDHHCE36	Uirlisí ceoil agus mórearraí marthanacha áineasa faoi dhíon
XDHHCE4	Earraí marthanacha eile
XDHHCE41	Seodra, cloig agus uaireadóirí
XDHHCE42	Fearais leighis theiripeacha agus trealamh leighis teiripeach”

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla faoin gceannteideal “AICMIÚ TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR CUSPÓRA (Coicop)”:

“01-13 Costas tomhaltais aonair na dteaghlach

01	Bia agus deochanna neamh-mheisciúla
01.1	Bia
01.2	Deochanna neamh-mheisciúla
01.3	Seirbhísí chun earraí príomhúla a phróiseáil le haghaidh bia agus deochanna neamh-mheisciúla
02	Deochanna meisciúla, tobac agus támhshuanaigh
02.1	Deochanna meisciúla
02.2	Seirbhísí táirgthe alcóil
02.3	Tobac
02.4	Támhshuanaigh
03	Éadaí agus coisbheart
03.1	Éadaí
03.2	Coisbheart
04	Tithíocht, uisce, leictreachas, gás agus breoslaí eile
04.1	Cíosanna iarbhír tithíochta
04.2	Cíosanna barúlacha tithíochta
04.3	Cothabháil, deisiú agus slándáil na teaghaise
04.4	Soláthar uisce agus seirbhísí ilghnéitheacha a bhaineann leis an teaghais
04.5	Leictreachas, gás agus breoslaí eile
05	Fearastuithe tí, trealamh tí agus gnáthchothabháil tí
05.1	Troscán, fearastuithe tí, agus cairpéid scaoilte
05.2	Teicstílí tí

05.3	Fearais tí
05.4	Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí
05.5	Uirlisí agus trealamh tí agus gairdín
05.6	Earraí agus seirbhísí gnáthchothabhála tí
06	Sláinte
06.1	Cógais agus táirgí sláinte
06.2	Seirbhísí cúraim othar seachtrach
06.3	Seirbhísí cúraim othar cónaithe
06.4	Seirbhísí sláinte eile
07	Iompar
07.1	Feithiclí a cheannach
07.2	Oibriú trealaimh iompair phearsanta
07.3	Seirbhísí iompair paisinéirí
07.4	Seirbhísí iompair earraí
08	Faisnéis agus cumarsáid
08.1	Trealamh faisnéise agus cumarsáide
08.2	Bogearraí gan cluichí a áireamh
08.3	Seirbhísí faisnéise agus cumarsáide
09	Áineas, spórt agus cultúr
09.1	Earraí marthanacha áineasa
09.2	Earraí eile áineasa
09.3	Táirgí gairdín agus peataí
09.4	Seirbhísí áineasa
09.5	Earraí cultúrtha
09.6	Seirbhísí cultúrtha
09.7	Nuachtáin, leabhair agus stáiseanóireacht
09.8	Saoire láneagraithe
10	Seirbhísí oideachais
10.1	Oideachas luath-óige agus bunscolaíochta
10.2	Meánoideachas
10.3	Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasaí
10.4	Oideachas treasach
10.5	Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil
11	Bialanna agus seirbhísí cóiríochta
11.1	Seirbhísí freastalaithe bia agus deochanna
11.2	Seirbhísí cóiríochta
12	Seirbhísí árachais agus pinsin
12.1	Árachas
12.2	Seirbhísí airgeadais

13	Cúram pearsanta, cosaint shóisialta agus earraí agus seirbhísí ilghnéitheacha
13.1	Cúram pearsanta
13.2	Earraí pearsanta eile
13.3	Cosaint shóisialta
13.9	Seirbhísí eile
14	Caiteachas ar thomhaltas aonair na n-institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh (INBFTanna)
14.1	Tithíocht
14.2	Sláinte
14.3	Áineas agus cultúr
14.4	Oideachas
14.5	Cosaint shóisialta
14.6	Seirbhísí eile
15	Caiteachas ar thomhaltas aonair an rialtais ghinearálta
15.1	Tithíocht
15.2	Sláinte
15.3	Áineas agus cultúr
15.4	Oideachas
15.5	Cosaint shóisialta”

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN B

CLÁR TARCHURTHA SONRAÍ AGUS MEITEASHONRAÍ

I. Ceanglais ghinearálta

Sonraí

1. Déanfaidh na Ballstáit na cuntais a shainítear sna táblaí sonraí san Iarscríbhinn seo a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat). Sonraítear i ngach tábla sonraí ar leithligh na hathróga éigeantacha agus deonacha atá le tarchur, na tréimhsí tagartha a cheanglaítear agus na spriocdhátaí do tharchur.

Forbhreathnú ar na táblaí sonraí ([1])

Uimhir an tábla	Ábhar na dtáblaí	Sprioc-am t + míonna (laethanta, i gcás ina sonraítear) tar éis na tréimhse tagartha	An tréimhse a chumhdaítear
1F	Tobmheastacháin ar OTI agus ar an bhfostaíocht — tarchuir dheonacha ráithiúla	Comhaontófar na dátaí idir na Ballstáit rannpháirteacha agus an Coimisiún (Eurostat) agus comhfhreagróidh na dátaí sin d'eisiúintí Eurostat ag 30 nó 45 lá	An ráithe is déanaí a tuairiscíodh
1R	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta — sonraí ráithiúla	2/(3) ([2])	1995R1 ar aghaidh
1B	Príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta — sonraí bliantúla	2/(3) ([2])/9	1995 ar aghaidh
2	Príomh-chomhiomlán an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha — sonraí bliantúla	3/9	1995 ar aghaidh
3	Príomh-chomhiomláin de réir gníomhaíocht eacnamaíoch — sonraí bliantúla	9/21	1995 ar aghaidh
5	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach de réir cuspóra — sonraí bliantúla	9	1995 ar aghaidh
6	Cuntais airgeadais de réir earnála (idirbhearta) — sonraí bliantúla	4/9	1995 ar aghaidh
7	Cláir chomhardaithe i gcomhair sócmhainní agus dliteanas airgeadais de réir earnála — sonraí bliantúla	4/9	1995 ar aghaidh
8	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála — sonraí bliantúla	9	1995 ar aghaidh
801	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála — sonraí ráithiúla – neamhchoigeartaithe	85 lá/(3) ([3])	1999R1 ar aghaidh
801SA	Cuntais neamhairgeadais de réir earnála - sonraí ráithiúla - sonraí a ndearnadh coigeartú de réir séasúir agus coigeartuithe féilire orthu	85 lá + 3 lá oibre	1999R1 ar aghaidh
9	Ioncam mionsonraithe ó chánacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear liosta na gcánacha agus na ranníocaíochtaí sóisialta de réir an aicmithe náisiúnta — sonraí bliantúla	9	1995 ar aghaidh

Uimhir an tábla	Ábhar na dtáblaí	Sprioc-am t + míonna (laethanta, i gcás ina sonraítear) tar éis na tréimhse tagartha	An tréimhse a chumhdaítear
10	Príomh-chomhiomláin de réir réigiúin, leibhéil NUTS 2 agus 3 — sonraí bliantúla	12/24	2000 ar aghaidh
11	Caiteachas an rialtais ghinearálta de réir feidhme (COFOG) — sonraí bliantúla	11	1995 ar aghaidh
13	Cuntas na dteaghlach de réir réigiúin, leibhéil NUTS 2 — sonraí bliantúla	24	2000 ar aghaidh
15	Tábla soláthair ag na bunphraghsanna, lena n-áirítear an t-aistriú go praghsanna na gceannaitheoirí — sonraí bliantúla	36	2010 ar aghaidh
16	Tábla úsáide ag praghsanna na gceannaitheoirí — sonraí bliantúla	36	2010 ar aghaidh
17	Táblaí siméadracha ionchuir-aschuir ag na bunphraghsanna — sonraí gach cúig bliana	36	2010 ar aghaidh
20	Sócmhainní seasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (stoic) — sonraí bliantúla	24	2000 ar aghaidh
22	Trasaicmiú ar ollfhoirmiú caipitil sheasta de réir gníomhaíocht eacnamaíoch agus de réir sócmhainne (idirbhearta) — sonraí bliantúla	9/24	1995 ar aghaidh
25	Cuntais neamhairgeadais an rialtais ghinearálta — sonraí ráithiúla	3	2002R1 ar aghaidh
26	Cláir chomhardaithe i gcomhair sócmhainní neamhairgeadais — sonraí bliantúla	24	1995 ar aghaidh
27	Cuntais airgeadais agus cláir chomhordaithe an rialtais ghinearálta — sonraí ráithiúla	85 lá/3	1999R1 ar aghaidh
28	Ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) — sonraí ráithiúla	3	2000R1 ar aghaidh
28A	Struchtúr ollfhiachas an rialtais ghinearálta (fiachas Maastricht) — sonraí bliantúla	100 lá/283 lá	Na 4 bliana tagartha roimhe sin
29	Teidlíochtaí pinsin fabhraithe chun dáta in árachas sóisialta — sonraí gach 3 bliana	24	2012 ar aghaidh

t = tréimhse thagartha (bliain nó ráithe).

([1]) Chun tuairisc mhionsonraithe a fháil ar na ceanglais bheachta, féach na táblaí sonracha. Níl feidhm ag na sprioc-amanna idir lúibíní ach i gcásanna ar leith.

([2]) tagraíonn sé do tharchur ag t+3 mhí. Má dhéanann Ballstát tacar iomlán sonraí a tharchur ag t+2 mhí, ní gá sonraí a tharchur ag t+3 mhí.

([3]) tagraíonn sé do tharchur ag t + 3 mhí. Má dhéanann Ballstát tacar iomlán sonraí a tharchur ag t+85 lá, ní gá sonraí a tharchur ag t+3 mhí.

2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí éigeantacha uile atá le foilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat) a tharchur faoi na dátaí a bhfuil sé beartaithe na comhiomláin Eorpacha a eisiúint. I gcás nach bhféadfar na sonraí atá tarchurtha a scaipeadh de dheasca saincheisteanna i dtaobh le rúndacht staidrimh, seolfar an fíorluach i dteannta na mbratach a comhaontaíodh i dtaca le rúndacht phríomha nó thánaisteach staidrimh. Seachas i gcás dátaí lánchoisc, is le meiteashonraí a mhíneofar agus a thabharfar údar le cur i bhfeidhm bratacha eile a chuireann srian leis an bhfoilsiú.

3. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí uile a tharchur i gcomhréir leis na coincheapa agus na sainmhínithe a shonraítear in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an Rialachán seo. I gcás sonraí a tharchuirtear a imíonn ó na coincheapa agus na sainmhínithe, seolfar na barúlacha a bheidh i gceist i dteannta brataí lena léirítear nach ionann an sainmhíniú.

4. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí uile a tharchur i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a shonraítear in Airteagal 4(1) a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat) dátaí eisiúna na gcuntas a chomhordú. I gcás ina mbeidh na dátaí náisiúnta ar a bhfoilseofar na cuntais i ndiaidh na sprioc-amanna maidir le tarchur na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfear na sonraí i dteannta brataí lena léireofar an lánchosc sealadach ar fhoilsiú, maille le dáta an lánchoisc agus tráth an fhoilsithe.

6. Seachnófar dátaí lánchoisc a shonrú a thiteann i ndiaidh dháta foilsithe na gcomhiomlán Eorpach, a mhéid is féidir.

Tréimhsí tagartha

7. Déanfaidh na Ballstáit an amshraith iomlán éigeantach a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) tráth gach sprioc-ama, lena n-áirítear sonraí nach ndearnadh athbhreithniú orthu seachas má shonraítear a mhalairt i dtáblaí sonracha ar leith. I gcás ina mbeidh bristeacha san amshraith ag na sonraí atá tarchurtha, seolfar luach na tréimhse tagartha lena mbaineann i dteannta brataí lena léireofar an briseadh sin.

8. I gcás ina mbeidh amshraith ag na Ballstáit atá níos faide ná na tréimhsí tagartha éigeantacha a shonraítear sna táblaí sonraí thíos, féadfaidh siad an tsraith iomlán a tharchur ar bhonn deonach.

Meiteashonraí

9. Is éard a bheidh sna meiteashonraí faisnéis struchtúrach dá dtagraítear i mír 10 agus faisnéis shonrach maidir leis na sonraí arna dtarchur i gcomhréir le mír 11. Tarchuirfidh na Ballstáit na meiteashonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) chun go mbeidh an Coimisiún (Eurostat) in ann cáilíocht na sonraí arna dtarchur a mheasúnú. Le tarchur meiteashonraí – i gcomhthéacs an chláir tarchuir – seachnófar dúbláil iarrataí ar an bhfaisnéis chéanna a bhailítear i bpróisis agus i dtáblaí eile.

I gcás ina gcuimseofar faisnéis rúnda sna meiteashonraí, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas nach bhféadfar an téacs ábhartha sna meiteashonraí a scaipeadh.

10. Áireofar ar mheiteashonraí faoin bhfaisnéis struchtúrach a bheidh le tarchur ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) faisnéis maidir leis an bpróiseas táirgthe, chomh maith leis na foinsí agus na modhanna arna n-úsáid, mura bhfuil siad ar fáil ó fhoinsí eile, agus, i gcás inarb infheidhme, athruithe móra modheolaíochta nó athruithe eile a dhéanann difear do na sonraí arna dtarchur, lena gcuirfear ar chumas an Choimisiúin (Eurostat) measúnú a dhéanamh ar na hathruithe agus úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na hathruithe sin.

Nuair nach gcuirtear na coincheapa agus na sainmhínithe a shonraítear in Iarscríbhinn I chun feidhme, tabharfar, le meiteashonraí den sórt sin ar fhaisnéis struchtúrach mínithe gearra ar na coincheapa agus ar na sainmhínithe a chuirtear i bhfeidhm go hiarbhír sna sonraí a tharchuirtear agus ar na cúiseanna nach gcuirtear na coincheapa agus na sainmhínithe a shonraítear in Iarscríbhinn A seo chun feidhme nó nach bhfuil siad infheidhme.

Tar éis iad a tharchur den chéad uair, déanfar meiteashonraí ar fhaisnéis struchtúrach a tharchur gach uair a chuirfear athrú suntasach ar phróiseas an táirgthe chun feidhme.

11. Cuirfidh meiteashonraí ar an bhfaisnéis shonrach a bhaineann leis na sonraí arna dtarchur ag na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas faoi mhórtheagmhais amhail athbhreithnithe móra ar shonraí, neamhréireachtaí sonraí suntasacha, asluitigh, bristeacha san amshraith, nuashonruithe ar an gcoigeartú séasúrach, chomh maith le luachanna neamhghnácha nialais agus diúltacha. I gcás sonraí a tharchuirfear ar bhonn bliantúil, seolfar an fhaisnéis sin ag t^{+} 3 lá ar a dhéanaí, ach amháin i leith tháblaí 1, 6 agus 7, a dtarchuirfear na meiteashonraí ina leith in éineacht leis na sonraí. I gcás sonraí ráithiúla, tarchuirfear meiteashonraí in éineacht leis na sonraí. Ní sheolfar an fhaisnéis sin ach amháin nuair a léirítear teagmhais den sórt sin sna sonraí tarchurtha, agus cuirfear míniúcháin ghairide ar fáil maidir leis na cúiseanna a bhreithnítear an imeacht sna sonraí atá tarchurtha agus cé na hathróga agus na tréimhsí tagartha a ndéantar difear dóibh.

Cuirfidh na Ballstáit faisnéis shonrach ar fáil maidir le hathbhreithnithe nach dtagann as gnáthoibríochtaí.

Na spriocdhátaí tarchuir

12. Déanfar na táblaí sonraí agus na meiteashonraí a ghabhann leo a tharchur faoi na sprioc-amanna sonracha a bhaineann le gach tábla ar leith.

13. Déanfar na sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gach uair a fhoilseoidh an údarás náisiúnta iad agus tráth nach déanaí ná lá a bhfoilsithe.

14. I gcás ina dtiocfaidh na Ballstáit ar an eolas faoi earráidí sna sonraí atá tarchurtha, cuirfidh siad é sin in iúl don Coimisiún (Eurostat) láithreach agus déanfaidh siad na sonraí cearta a tharchur a luaithe is féidir an earráid a cheartú.

15. Má dhéanann Ballstát tacair iomlána sonraí a tharchur i gcomhréir leis na critéir cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo roimh an sprioc-am, ní cheanglaítear na sonraí a atarchur ag an sprioc-am seachas má shonraítear a mhalairt i dtáblaí sonracha ar leith.

Comhsheasmhacht

16. Beidh na sonraí a tharchuirfear i dtábla comhsheasmhach go hinmheánach. Beidh na luachanna a tharchuirfear maidir leis na hathróige céanna i dtáblaí sonraí difriúla comhsheasmhach go huimhriúil nuair a bhíonn an sprioc-am céanna leo nó nuair a bheidh siad le h-atarchur ag an spriocdháta céanna le táblaí eile.

17. Suim luachanna ráithiúla athróige nach bhfuil coigeartaithe ag iarmhairtí séasúracha agus iarmhairtí féilire i dtábla ina bhfuil sonraí ráithiúla, beidh sí comhsheasmhach go huimhriúil i gcás aon bhliain tagartha ar leith leis an athróg céanna i dtábla comhfhreagrach ina bhfuil sonraí bliantúla, i gcás ina mbeidh an sprioc-am céanna ag na táblaí comhfhreagracha.

Táblaí 1R agus 1B

Príomh-chomhiomláin ráithiúla (R) agus bhliantúla (B) na gcuntas náisiúnta.

Tuairisceofar sonraí Thábla 1B ag t + 2 mhí agus ag t + 9 mí agus tuairisceofar sonraí thábla1R ag t + 2 mhí tar éis na tréimhse tagartha. Má dhéanann Ballstát tacar iomlán sonraí a tharchur ag t+2 mhí, ní gá sonraí a tharchur ag t+3 mhí. Beidh tábla 1R comhsheasmhach le tábla 1B ag t+ 9 mí.

Maidir le sonraí ag praghsanna reatha (CUP) ó 1995 i leith, i bpraghsanna na bliana roimhe (PYP) ó 1996 i leith agus méideanna slabhraithe (CLV) ó 1995 i leith i gcás sonraí bliantúla agus ó 1996R1 i leith i gcás sonraí ráithiúla, tá na sonraí sin éigeantach (x) mar a shonraítear thíos. Tá miondealuithe áirithe roghnach (o).

Maidir le sonraí ráithiúla, cuirfear ar fáil iad i bhfoirm nach ndearnadh coigeartú de réir séasúir orthu, mar aon le i bhfoirm a ndearnadh coigeartú de réir séasúir orthu (lena n-áirítear coigeartuithe féilire, i gcás inarb ábhartha), seachas i gcás praghsanna na bliana roimhe sin. Cuirfear na sonraí ráithiúla nach gcuirtear san áireamh leo ach coigeartuithe féilire nó coigeartuithe de réir séasúir agus na coigeartuithe sin amháin ar fáil ar bhonn deonach.

Chun críoch úsáidí riaracháin sonracha, tá sonraí bliantúla B.1*g le tarchur a beaichte ab fhéidir ach iad a shrianadh go luachanna fóinteacha, e.g. uasmhéid 8 bpointe dheachúlacha i gcás ina gcuirfí in iúl iad de réir na milliún san airgeadra náisiúnta agus 3 phointe dheachúlacha i gcás sonraí a chuirfí in iúl de réir na mílte duine.

Cód	Liosta athróg	t + 2/(3) mhí	Sonraí A t + 2/(3)/9 mí	Mion-dealú	Aonad
B.1*g	Olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh	x	x		CUP, PYP, CLV
Príomh-chomhiomláin aschuir					
B.1g	Oll-bhreisluach ag na bunphraghsanna	x	x	A*10	CUP, PYP, CLV
D.21– D.31	Cánacha lúide fóirdheontais ar tháirgí	x	x		CUP, PYP, CLV
D.21	Cánacha ar tháirgí	o	t+9		CUP, PYP, CLV
D.31	Fóirdheontais ar tháirgí	o	t+9		CUP, PYP, CLV

Príomh-chomhiomláin chaiteachais					
B.1*g	Olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh	x	x		CUP, PYP, CLV
P.3_S.1	Iomlán an chaiteachais ar thomhaltas críochnaitheach	x	x		CUP, PYP, CLV
P.3_S.14	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach (coincheap intíre)	x	x		CUP, PYP, CLV
Ar díobh sin	Miondealuithe de réir marthanachta (DUR)				
	— Earraí marthanacha	x	x	DUR	CUP, PYP, CLV
	— Earraí agus seirbhísí eile	x	x	DUR	CUP, PYP, CLV
	– Earraí leathmharthanacha	x	x	DUR	CUP, PYP, CLV
	– Earraí neamh-mharthanacha	x	x	DUR	CUP, PYP, CLV
	– Seirbhísí	x	x	DUR	CUP, PYP, CLV
P.3_S.1M	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach agus na INBFTanna (coincheap náisiúnta)	x	x		CUP, PYP, CLV
P.3_S.14	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach na dteaghlach (coincheap náisiúnta)	x	x		CUP, PYP, CLV
P.3_S.15	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach INBFTanna	x	x		CUP, PYP, CLV
P.3_S.13	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach an rialtais ghinearálta	x	x		CUP, PYP, CLV
P.31_S.13	Caiteachas ar thomhaltas aonair an rialtais ghinearálta	x	x		CUP, PYP, CLV
P.32_S.13	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann an rialtais ghinearálta	x	x		CUP, PYP, CLV
P.41	Tomhaltas aonair iarbhír	x	x		CUP, PYP, CLV
P.5	Ollfhoirmiú caipitil	x	x		CUP, PYP, CLV
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	x	x		CUP, PYP, CLV
Ar díobh sin	Miondealú de réir cineál sócmhainne (AN_F6)				
AN.111	Teaghaisí	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.112	Foirgnimh agus déanmhais eile	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV

AN.113 + AN.114	Innealra agus trealamh + córais armán	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.1131	Trealamh iompair	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.1132	Trealamh TFC	o	t+9	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.1139 + AN.114	Innealra agus trealamh + córais armán eile	o	o	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.115	Acmhainní bitheolaíocha saothraithe	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV
AN.117	Táirgí maoine intleachtúla	x	x	AN_F6	CUP, PYP, CLV
P.52	Athruithe i bhfardail	x	x		CUP, PYP
P.53	Éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara	x	x		CUP, PYP
P.6	Onnmhairí earraí (saor ar bord) agus seirbhísí	x	x	GEO	CUP, PYP, CLV
P.61	Onnmhairiú earraí	o	o	GEO	CUP, PYP, CLV
P.62	Onnmhairiú seirbhísí	o	o	GEO	CUP, PYP, CLV
P.7	Allmhairí earraí (saor ar bord) agus seirbhísí	x	x	GEO	CUP, PYP, CLV
P.71	Allmhairiú earraí	o	o	GEO	CUP, PYP, CLV
P.72	Allmhairiú seirbhísí	o	o	GEO	CUP, PYP, CLV
B.11	Comhardú seachtrach earraí agus seirbhísí	x	x		CUP, PYP
B.111	Comhardú seachtrach earraí	o	o		CUP, PYP
B.112	Comhardú seachtrach seirbhísí	o	o		CUP, PYP
Príomh-chomhiomláin ioncaim					
B.2g + B.3g	Ollbharrachas oibriúcháin agus ollioncam measctha	x	x		CUP
(D.2 – D.3)	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí lúide fóirdheontais	x	x		CUP
D.2	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí	x	x		CUP
D.3	Fóirdheontais	x	x		CUP
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe a oibríonn in aonaid táirgthe chónaitheacha (coincheap intíre)	x	x	A*10	CUP
D.11	Pá agus tuarastail	x	x	A*10	CUP
D.12	Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí	x	x	A*10	CUP

Daonra agus fostaíocht

Aonaid éigeantacha (x): Daoine (PS) i gcás daonra agus gach athróg fostaíochta agus uaireanta a oibríodh (HW) i gcás fostaíocht in aonaid táirgthe chónaitheacha.

Poist (JB) agus coibhéisí lánaimseartha (FTE) roghnach (o) i gcás fostaíocht in aonaid táirgthe chónaitheacha.

POP	Daonra iomlán (mílte duine)	x	x		PS
EMP_NC	Fostaíocht chónaitheoirí (coincheap náisiúnta)	x	x		PS
EEM_NC	Fostaithe cónaitheacha (coincheap náisiúnta)	x	x		PS
ESE_NC	Cónaitheoirí féinfhostaithe (coincheap náisiúnta)	x	x		PS
EMP	Fostaíocht in aonaid táirgthe chónaitheacha (coincheap intíre)	x	x	A*10	PS, HW
		o	o	A*10	JB, FTE
EEM	Fostaithe in aonaid táirgthe chónaitheacha (coincheap intíre)	x	x	A*10	PS, HW
		o	o	A*10	JB, FTE
ESE	Féinfhostaithe in aonaid táirgthe chónaitheacha (coincheap intíre)	x	x	A*10	PS, HW
		o	o	A*10	JB, FTE

Miondealuithe geografacha ar onnmhairí agus ar allmhairí –de réir an chomhdhéanaimh iarbhír ag deireadh na tréimhse tagartha deiridh (“an comhdhéanamh seasta”)

GEO	Éigeantach i gcás iomlán na n-onnmhairí agus na n-allmhairí; Deonach i gcás earraí agus seirbhísí	Aonad agus an bhliain/ráithe tosaigh éigeantach a ghabhann leis		
Cód	Miondealuithe de réir limistéar na contrapháirte	CUP	PYP	CLV
S.21	Ballstáit, lena n-áirítear institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	2008/R1	2012/R1	2012/R1
S.2I	An limistéar euro (Ballstáit agus institiúidí sa limistéar euro)	2008/R1	2012/R1	2012/R1
S.21 – S.2I	An Limistéar Lasmuigh den Limistéar Euro Laistigh den Aontas (Ballstáit agus institiúidí nach bhfuil sa limistéar euro)	2008/R1	2012/R1	2012/R1
S.212	Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	o	o	o
S.22	Lasmuigh den Aontas	2008/R1	2012/R1	2012/R1

Tábla 1F

Tobmheastacháin ar OTI agus ar an bhfostaíocht — tarchuir dheonacha ráithiúla

Comhaontaítear tarchuir dheonacha tobmheastachán ar OTI agus ar an bhfás fostaíochta idir an Coimisiún (Eurostat) agus na Ballstáit d'fhonn foilsiú rialta comhordaithe thobmheastacháin ar na comhiomláin Eorpacha chomhfhreagracha tuairim agus 30 nó 45 lá i ndiaidh na tréimhse tagartha a áirithiú. Na Ballstáit a dhéanann na meastachán sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), seolfaidh siad iad gach ráithe lá amháin oibre ar a laghad roimh dháta comhaontaithe a bhfoilsithe – agus tabharfaidh siad léiriú soiléir cibé acu an bhféadfar na meastacháin a fhoilsiú (rogha thosaíochta).

Cód	Tobmheastacháin	Tréimhsiúlacht	Bunaithe ar
B.1*g	Olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh	Q	Méid
EMP	Fostaíocht iomlán in aonaid táirgthe chónaitheacha	Q	Daoine

Tábla 2

Príomh-chomhiomláin an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha — sonraí bliantúla

Tuairisceofar na sonraí ag praghsanna reatha de réir na milliún san airgeadra náisiúnta (agus beachtas tuairiscithe ann de 1 mhilliún den airgeadra náisiúnta ar a laghad), agus sonraítear eisceachtaí thíos, ó 1995 ar aghaidh ag t + 3 mhí agus t + 9 mí i ndiaidh na tréimhse tagartha.

Earnáil agus fo-earnálacha:

Tá an rialtas ginearálta agus miondealú ar a fho-earnálacha le tuairisciú ar bhonn éigeantach (eisceachtaí thíos):

— S.13 rialtas ginearálta

— S.1311 rialtas lárnach

— S.1312 rialtas stáit

— S.1313 rialtas áitiúil

— S.1314 cistí slándála sóisialta.

Aon sonraí atá neamhéigeantach i gcás an rialtais ghinearálta agus a fho-earnálacha sonraítear sna nótaí thíos iad. Seachas sin, tá sonraí éigeantach ón mbliain tagartha 1995 ar aghaidh.

Roinnt ítimí a bhaineann le hidirbhearta le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, tarchuirfear iad ar bhonn éigeantach mar a shonraítear thíos sna cásanna a leanas:

— S.212 institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh

— S.1 geilleagar iomlán.

Tuairisceofar sonraí fo-earnála mar atá siad comhdhlúite sna hítimí ioncaim maoine (D.4), aistrithe reatha eile (D.7) agus aistrithe caipitil (D.9) (agus a bhfo-ítimí agus a gcomhiomláin) comhdhlúite go páirteach i gcaiteachas iomlán TE laistigh de gach fo-earnáil, ach ní idir fo-earnálacha. Is ionann sonraí earnáil S.13 agus suim shonraí na bhfo-earnálacha, ach amháin i gcás ítimí D.4, D.7 agus D.9 (agus a bhfo-ítimí agus a gcomhiomláin) a dhéanfar a chomhdhlúthú idir na fo-earnálacha (le faisnéis chontrapháirte ó thaobh caiteachais de). Maidir le híocaíochtaí substaintiúla i dtaca le hítimí seachas ioncam maoine (D.4), aistrithe reatha eile (D.7) nó aistrithe caipitil (D.9) agus a bhfo-ítimí, i gcás ina dtarlaíonn siad laistigh d'fho-earnálacha nó idir fo-earnálacha, sonróidh na Ballstáit na híocaíochtaí sin i bhfonótaí an tseoltóra.

Beidh na sonraí a thuairisceofar comhsheasmhach le sonraí a thuairisceofar faoi Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lch. 1).

Cód	Idirbheart	Nótaí
P.1	Aschur	
P.11 + P.12	Aschur margaidh agus aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse	
P.11	*Aschur margaidh*	*deonach*
P.12	*Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse*	*deonach*
P.12_GFSM_D.1	*Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse, costas inchurtha i leith cúiteamh d'fhostaithe (cuspóir GFSM)*	*deonach;* chun críche tuairiscithe de réir na modheolaíochta a leagtar amach i Lámhleabhar um Staidreamh Airgeadais Rialtais (GFSM) an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
P.12_GFSM_P.2	*Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse, costas inchurtha i leith tomhaltas idirmheánach (cuspóir GFSM)*	*deonach;* féach P.12_GFSM_D.1
P.12_GFSM_P.51c	*Aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse, costas inchurtha i leith ídiú an chaipitil sheasta (cuspóir GFSM)*	*deonach;* féach P.12_GFSM_ D.1
P.13	Aschur neamh-mhargaidh	
P.131	Íocaíochtaí i leith aschur neamh-mhargaidh	
	Meabhrán: costais bhailiúcháin na n-acmhainní dílse	éigeantach i gcás S.13 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh, *deonach i gcás fo-earnálacha*
P.132	Aschur neamh-mhargaidh, eile	
P.11 + P.12 + P.131	Aschur margaidh, aschur chun críche úsáide críochnaithí dílse agus íocaíochtaí i leith aschuir neamh-mhargaidh	
P.2	Tomhaltas idirmheánach	
B.1g	Breisluach, comhlán	
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta	
B.1n	Breisluach, glan	
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe, caiteachas	
D.11	*Pá agus tuarastail, caiteachas,*	*deonach*
D.12	*Ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí, caiteachas*	*deonach*
D.29p	Cánacha eile ar tháirgeadh, caiteachas	
D.39r	Fóirdheontais eile ar tháirgeadh, ioncam	le tuairisciú le comhartha deimhneach
D.3r_S.212	*Fóirdheontais, ioncam ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh*	éigeantach i gcás S.1 amháin ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh, *deonach i gcás S.13 agus na bhfo-earnálacha*
B.2n	Barrachas oibriúcháin, glan	
D.2r	Cánacha ar tháirgeadh agus ar allmhairí, ioncam	le tarchur freisin i gcás S.212 (éigeantach ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh)

Cód	Idirbheart	Nótaí
D.21r	Cánacha ar tháirgí, ioncam	le tarchur freisin i gcás S.212 (éigeantach ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh)
D.211r	Cánacha de chineál breisluacha (CBL), ioncam	
D.29r	Cánacha eile ar tháirgeadh, ioncam	le tarchur freisin i gcás S.212 (éigeantach ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh)
D.4r	Ioncam maoine, ioncam	
D.41r	Ús, ioncam	
D.41Gr	*Ús iomlán roimh leithdháileadh FISIM, ioncam*	*deonach*
D.42r + D.43r + D.44r + D.45r	Ioncam maoine eile, ioncam	
D.42r	*Ioncam dáilte corparáidí, ioncam*	*deonach*
D.43r	*Tuilleamh athinfheistithe ó IDC, ioncam*	*deonach*
D.44r	*Ioncam eile ó infheistíocht, ioncam*	*deonach*
D.45r	*Cíos, ioncam*	*deonach*
D.3p	Fóirdheontais, caiteachas	le tuairisciú le comhartha deimhneach
D.31p	Fóirdheontais ar tháirgí, caiteachas	le tuairisciú le comhartha deimhneach
D.39p	Fóirdheontais eile ar tháirgeadh, caiteachas	le tuairisciú le comhartha deimhneach
D.4p	Ioncam maoine, caiteachas	
D.4p_S.1311	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil an rialtais láir (S.1311)	
D.4p_S.1312	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais stáit (S.1312)	
D.4p_S.1313	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais áitiúil (S.1313)	
D.4p_S.1314	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil na gcistí slándála sóisialta (S.1314)	
D.41p	Ús, caiteachas	
D.41Gp	*Ús iomlán roimh leithdháileadh FISIM, caiteachas*	*deonach*
D.42p + D.43p + D.44p + D.45p	Ioncam maoine eile, caiteachas	
D.42p	*Ioncam dáilte corparáidí, caiteachas*	*deonach*
D.43p	*Tuilleamh athinfheistithe ó IDC, caiteachas*	*deonach*
D.44p	*Ioncam eile ó infheistíocht, caiteachas*	*deonach*
D.45p	*Cíos, caiteachas*	*deonach*

Cód	Idirbheart	Nótaí
B.5n	Comhardú ioncam príomha, glan	
D.5r	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc., ioncam	
D.51r	*Cánacha ar ioncam, ioncam*	*deonach*
D.51a + D.51c1	*Cánacha ar ioncam duine aonair nó ar ioncam teaghlaigh, lena n-áirítear gnóthachain sealúchais, ioncam*	*deonach*
D.51b + D.51c2	*Cánacha ar ioncam nó ar bhrabús corparáidí, lena n-áirítear gnóthachain sealúchais, ioncam*	*deonach*
D.59r	*Cánacha reatha eile, ioncam*	*deonach*
D.61r	Glan-ranníocaíochtaí sóisialta, ioncam	
D.611r	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír fostóirí, ioncam	
D.613r	Ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír teaghlach, ioncam	
D.7r	Aistrithe reatha eile, ioncam	
D.7r_S.212	Aistrithe reatha eile, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	éigeantach i gcás S.13 agus S1 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
D.71r	*Glanphréimheanna árachais neamhshaoil, ioncam*	*deonach*
D.72r	*Éilimh árachais neamhshaoil, ioncam*	*deonach*
D.73r	*Aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta, ioncam*	*deonach*
D.74r	*Comhar idirnáisiúnta reatha, ioncam*	*deonach*
D.74r_S.212	Comhar idirnáisiúnta reatha, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	éigeantach i gcás S.13 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
D.75r	*Aistrithe reatha ilghnéitheacha, ioncam*	*deonach*
D.76r	*Acmhainní dílse an Aontais atá bunaithe ar CBL agus OIN, ioncam*	i gcás ina n-úsáidtear é, éigeantach ar leibhéal S.13 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh
D.5p	Cánacha reatha ar ioncam, ar rachmas, etc., caiteachas	
D.62p	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil, caiteachas	
D.621p	*Sochair slándála sóisialta in airgead tirim, caiteachas*	*deonach*
D.622p	*Sochair árachais shóisialta eile, caiteachas*	*deonach*
D.623p	*Sochair chúnaimh shóisialta in airgead tirim, caiteachas*	*deonach*

Cód	Idirbheart	Nótaí
D.62p COFOG 10.2	*Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil, caiteachas, ar díobh sin COFOG 10.2*	*deonach*
D.62p COFOG 10.3	*Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil, caiteachas, ar díobh sin COFOG 10.3*	*deonach*
D.62p COFOG 10.5	*Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil, caiteachas, ar díobh sin COFOG 10.5*	*deonach*
D.632p	Aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe chun críoch margaidh, caiteachas	
D.62p + D.632p	Sochair shóisialta seachas aistrithe sóisialta comhchineáil agus aistrithe sóisialta comhchineáil — táirgeadh ceannaithe chun críoch margaidh, caiteachas	
D.7p	Aistrithe reatha eile, caiteachas	
D.7p_S.1311	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil an rialtais láir (S.1311)	
D.7p_S.1312	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais stáit (S.1312)	
D.7p_S.1313	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais áitiúil (S.1313)	
D.7p_S.1314	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil na gcistí slándála sóisialta (S.1314)	
D.71p	*Glanphréimheanna árachais neamhshaoil, caiteachas*	*deonach*
D.72p	*Éilimh árachais neamhshaoil, caiteachas*	*deonach*
D.73p	*Aistrithe reatha laistigh den rialtas ginearálta, caiteachas*	*deonach*
D.74p	*Comhar idirnáisiúnta reatha, caiteachas*	*deonach*
D.74p_S.212	*Comhar idirnáisiúnta reatha, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh*	éigeantach i gcás S.13 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
D.75p	*Aistrithe reatha ilghnéitheacha, caiteachas*	*deonach*
D.76p	Acmhainní dílse an Aontais atá bunaithe ar CBL agus OIN, caiteachas	éigeantach i gcás S.13 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
B.6n	Ioncam indiúscartha, glan	
P.3	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach	
P.31	Caiteachas ar thomhaltas aonair	

Cód	Idirbheart	Nótaí
P.32	Caiteachas ar thomhaltas comhchoiteann	
D.8	Coigeartú i leith an athraithe ar theidlíochtaí pinsin	
B.8g	Coigilteas, comhlán	
B.8n	Coigilteas, glan	
D.9r	Aistrithe caipitil, ioncam	
D.9r_S.2	*Aistrithe caipitil, ioncam, ón gcuid eile den domhan*	*deonach*
D.9r_S.212	Aistrithe caipitil, ioncam, ó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	éigeantach i gcás S.13 agus S1 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
D.91r	Cánacha caipitil, ioncam	
D.92r + D.99r	Deontais infheistíochta agus aistrithe caipitil eile, ioncam	
D.92r	*Deontais infheistíochta, ioncam*	*deonach*
D.99r	*Aistrithe reatha eile, ioncam*	*deonach*
D.9p	Aistrithe caipitil, caiteachas	
D.9p_S.1311	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil an rialtais láir (S.1311)	
D.9p_S.1312	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais stáit (S.1312)	
D.9p_S.1313	ar díobh sin, ioncam iníoctha le fo-earnáil an rialtais áitiúil (S.1313)	
D.9p_S.1314	ar díobh sin, aistrithe chuig fo-earnáil na gcistí slándála sóisialta (S.1314)	
D.9p_ S.2	*Aistrithe caipitil, caiteachas, chuig an gcuid eile den domhan*	*deonach*
D.9p_S.212	Aistrithe caipitil, caiteachas, chuig institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh	éigeantach i gcás S.13 agus S1 ón mbliain tagartha 2004 ar aghaidh; *deonach i gcás fho-earnálacha S.13*.
D.92p	Deontais infheistíochta, caiteachas	
D.99p	*Aistrithe reatha eile, caiteachas*	*deonach*
P.5	Ollfhoirmiú caipitil	
P.51g	Ollfhoirmiú caipitil sheasta	
P.52 + P.53	Athruithe i bhfardail agus in éadálacha lúide diúscairtí earraí luachmhara	
NP	Éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais	
P.5 + NP	Ollfhoirmiú caipitil agus éadálacha lúide diúscairtí sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais	
B.9	Glaniasachtú (+) / glaniasachtaíocht (-)	

Cód	Idirbheart	Nótaí
TE	Caiteachas iomlán	
TR	Ioncam iomlán	
D.995	Aistrithe caipitil ón rialtas ginearálta chuig earnálacha ábhartha arb ionann iad agus cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a measúnaíodh ach nach dóchúil go mbaileofar iad	Asbhainfear D.995 ó D.99r. Ní áireofar aon mhéid maidir le D.995 faoi D.9p. Tá D.995r le tuairisciú le comhartha deimhneach.
PTC	Iomlán na gcreidmheasanna cánach iníoctha	*Le tarchur ar bhonn deonach i gcás fo-earnálacha agus i dtaca le blianta tagartha suas le 2011.* Tá méid iomlán an chreidmheasa cánach iníoctha le taifeadadh mar chaiteachas rialtais ("iomlán na gcreidmheasanna cánach iníoctha", PTC) agus méid "na comhpháirte aistrithe" (TC) á lua.
TC	Creidmheasanna cánach iníoctha a sháraíonn dliteanas an cháiníocóra	*Féach PTC.* Comhfhreagraíonn "an chomhpháirt aistrithe" (TC) do chreidmheasanna cánach iníoctha a sháraíonn dliteanas an cháiníocóra agus a íoctar leis an gcáiníocóir sin.
EMP (PS)	*Fostaíocht i líon daoine*	*deonach, i mílte*
AN.1	*Sócmhainní táirgthe neamhairgeadais*	*deonach*
AN.11	*Sócmhainní seasta*	*deonach*
AN.12 + AN.13	*Fardail agus earraí luachmhara*	*deonach*
AN.2	*Sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais*	*deonach*
AN.21	*Acmhainní nádúrtha*	*deonach*
AN.22	*Conarthaí, léasanna agus ceadúnais*	*deonach*

Tábla 3

Miondealuithe mionsonraithe ar na príomh-chomhiomláin agus ar an bhfostaíocht de réir tionscail – sonraí bliantúla

Tuairisceofar na sonraí ag t+ 9 mí tar éis na tréimhse tagartha i gcomhair miondealuithe NACE suas le A*21 (lena n-áirítear geilleagar iomlán agus A*10) agus ag t+ 21 mhí i gcomhair A*64 (lena n-áirítear A*38). Tá na miondealuithe sin éigeantach (x); Tá *88 miondealú roghnach (o).

Príomh-chomhiomláin aschuir agus ioncaim:

Tuairisceofar sonraí ag praghsanna reatha (CUP) ó 1995 ar aghaidh; praghsanna na bliana roimhe (PYP) ó 1996 ar aghaidh agus méideanna slabhraithe (CLV) ó 1995 ar aghaidh; Is roghnach atá PYP agus CLV i gcás P1 agus P2 ach is éigeantach atá siad i gcás B.1g agus P.51c; Níl cíosanna barúlacha teaghaisí úinéirí-áitithe (ítim 44 - "Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh") éigeantach ach amháin i gcásanna P.1, P.2, B.1g.

Cód	Liosta athróg	t+9 mí	t+21 mí	CUP 1995	PYP 1996	CLV 1995
P.1	Aschur ag bunphraghsanna de réir tionscail	A*21	A*64	x	o	o
P.2	Tomhaltas idirmheánach ag praghas an cheannaitheora de réir tionscail	A*21	A*64	x	o	o

B.1g	Oll-bhreisluach ag bunphraghsanna de réir tionscail	A*21	A*64	x	x	x
P.51c	Ídiú an chaipitil sheasta de réir tionscail	A*21	A*64	x	x	x
B.2n+B.3n	Glanbharrachas oibriúcháin agus glanioncam measctha	A*21	A*64	x		
D.29 – D.39	Cánacha eile ar tháirgeadh lúide fóirdheontais eile ar tháirgeadh	A*21	A*64	x		
D.1	Cúiteamh d'fhostaithe de réir tionscail	A*21	A*64	x		
D.11	Pá agus tuarastail	A*21	A*64	x		

Fostaíocht in aonaid táirgthe chónaitheacha (coincheap intíre, CI):

Tuairisceofar sonraí i dtéarmaí daoine (PS) agus uaireanta oibrithe (HW) ag dul siar go 1995. Ag t+ 9 mí tá sonraí éigeantach (x) i gcás miondealuithe NACE suas le A*21 (lena n-áirítear geilleagar iomlán agus A*10) agus ag t+ 21 mhí i gcás A*64 agus A*38 maidir le HW; Is roghnach atá miondealuithe A*88 agus sonraí le haghaidh post (JB) agus coibhéisí lánaimseartha (FTE) (o)

Cód	Liosta athróg	t+9 mí A*21 PS/HW 1995	t+21 mí A*64 PS 1995	t+21 mí A*38 HW 1995	JB	FTE
EMP	Fostaíocht iomlán (CI)	x	x	x	o	o
EEM	Fostaithe (CI)	x	x	x	o	o
ESE	Féinfhostaithe (CI)	x	x	x	o	o

Tábla 5

Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach de réir cuspóra – sonraí bliantúla

Tuairisceofar sonraí ag t+ 9 mí tar éis na tréimhse tagartha ag praghsanna reatha (CUP) ag dul siar go 1995, ag praghsanna na bliana roimhe (PYP) ag dul siar go 1996 agus méideanna slabhraithe (CLV) ag dul siar go 1995. Le haghaidh caiteachais ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach bunaithe ar an gcoincheap intíre (CI) iarrtar miondealuithe de réir cineáil chaiteachais de réir aicmiú Coicop 2018, le miondealuithe rannáin (2-dhigit) agus grúpa (3-dhigit) mar a chuirtear i bhfeidhm iad maidir le tiomsú an Innéacs Chomhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT).

Cód	Liosta athróg	Coincheap	Aonad
P.31_S.14	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach cónaitheach agus neamhchónaitheach sa chríoch eacnamaíoch	Intíre – CI	CUP, PYP, CLV
Ar díobh sin	Miondealuithe Coicop	Intíre – CI	CUP, PYP, CLV
P.33	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach cónaitheach sa chuid eile den domhan		CUP, PYP, CLV
P.34	Caiteachas ar thomhaltas críochnaitheach teaghlach neamhchónaitheach sa chríoch eacnamaíoch		CUP, PYP, CLV
